# Straitéis um Chosc agus Laghdú na Coireachta

## 2021-2024

An Garda Síochána
Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht sa Phobal

## RÉAMHRÁ



Is é misean an Gharda Síochána daoine a choinneáil sábháilte. Tá cur chuige comhsheasmhach chun coireacht a chosc agus a laghdú ríthábhachtach chun ár dtiomantas i leith chosaint ár bpobal a chomhlíonadh. Sa doiciméad seo tugtar breac-chuntas ar ár Straitéis um Chosc agus Laghdú na Coireachta ó 2021 go 2024.

D'eascair an straitéis seo as an 'Straitéis um Chosc agus Laghdú Coireachta - Tús Áite do Chosc' a foilsíodh in 2017 agus cuirtear í seo in ionad í sin.

Is seachadadh suntasach inár Ráiteas Straitéise é an choireacht a chosc agus a laghdú, ina dtugtar breac-chuntas ar ár bhfís do sheirbhís phóilíneachta atá dírithe ar an íospartach, dírithe ar dhaoine a choinneáil slán, na daoine is leochailí a chosaint agus seirbhís ardcháilíochta a sholáthar go seasta. Tá an straitéis seo bunaithe ar ár gcuspóirí eagraíochtúla freisin chun daoine a chosaint ar choireacht trí choireacht agus eagla na coireachta a laghdú, giaráil a dhéanamh ar ár sonraí feabhsaithe chun póilíneacht cumasaithe faisnéise a fheabhsú, úsáid a bhaint as cuir chuige comhpháirtíochta ilghníomhaireachta chun dul i ngleic le coireacht, agus comhairle um chosc ar choireacht a sholáthar trí oideachas agus feasacht.

Déantar cosc na coireachta trí rannpháirtíocht éifeachtach agus chuimsitheach le pobail agus le gnóthaí, agus admhaítear nach féidir leis an nGarda Síochána coireacht a laghdú agus a chosc gan a leithéid de thacaíocht. Tugtar sa straitéis seo breac-chuntas ar spriocanna agus ar ghníomhartha atá dírithe ar ár gcúig chuspóir straitéiseacha um chosc ar choireacht, is iad sin:

- Comhpháirtíochtaí,
- Feasacht & Cumarsáid a Chruthú,
- Pobail a Chosaint,
- An tSeirbhís um Chosc ar Choireacht Chomhsheasmhach agus Ghairmiúil, agus
- Athbhreithniú agus Meastóireacht.

Is é an Coimisinéir Cúnta, Póilíneacht Bóithre agus Rannpháirtíocht sa Phobal, an ceannaire beartais don straitéis seo. Comhlánóidh an straitéis seo straitéisí agus tionscnaimh eile atá ag teacht chun cinn. Tá an straitéis seo deartha chun tacú le hobair luachmhar leanúnach na nOifigeach um Chosc ar Choireacht (CPOnna) ar bhonn náisiúnta agus áitiúil.

Táim ag tnúth le cur chun feidhme náisiúnta na straitéise seo, a thacóidh leis an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní mar chuid de Shamhail Oibriúcháin an Gharda Síochána. Leanfaidh an Garda Síochána ag obair go dlúth le comhpháirtithe san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach chun coireacht a chosc agus na deiseanna le haghaidh gníomhaíochta coiriúla agus athchiontú a laghdú.

**J A Harris**

**Coimisinéir,**

**An Garda Síochána**

## CONAS A THARLAÍONN COIR

Tarlaíonn coir nuair a bhíonn ciontóir spreagtha agus íospartach i suíomh nó i staid ina bhféadfadh easpa beart a bheith ann chun an choireacht a chosc. Le Triantán Anailíse na bhFadhbanna (PAT), ar a dtugtar an triantán coireachta go minic, tugtar samhail dúinn maidir leis an gcaoi a dtarlaíonn coir.




Déanann **ciontóirí** coir ar chúiseanna éagsúla. I measc na dtiománaithe coireachta tá deis, brabús, drugaí, alcól, carachtar agus braistintí faoin gcóras ceartais choiriúil. Is minic a roghnaíonn ciontóirí suíomhanna (bíodh siad fisiceach nó fíorúil) a bhfuil cur amach acu orthu, agus roghnaíonn siad íospartach toisc go gceapann siad go bhfuil siad ina sprioc oiriúnach. Tarlaíonn sé seo de ghnáth toisc nach bhfuil an t-íospartach ionchasach ar an eolas faoin gcontúirt.

Fulaingíonn **íospartaigh** díobháil mar thoradh ar choir agus is féidir leis an dochar a bheith fisiceach, meabhrach, mothúchánach nó eacnamaíoch.

Níl **láithreacha** na coireachta scaipthe go cothrom laistigh de phobail. Is minic a bhíonn siad cnuasaithe i gceantair bheaga ar a dtugtar 'teophointí' coireachta. Is straitéis í póilíneacht a dhéanamh ar theophointí, lena mbaineann díriú ar acmhainní agus ar ghníomhaíochtaí chuig na háiteanna sin ina bhfuil an choireacht is comhchruinnithe. Trí acmhainní agus gníomhaíochtaí a dhíriú i dteophointí coireachta tá sé mar aidhm aige cosc a chur ar choireacht sna ceantair shonracha seo agus tá an cumas aige leibhéil choireachta foriomlána sa limistéar geografach níos leithne a laghdú. Aithníonn Garda Síochána an fás sa choireacht ar líne agus oibríonn an Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht sa Phobal go dlúth le Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch agus le Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Chibear-Choireacht chun comhairle agus oideachas um chosc ar choireacht a sholáthar sa réimse fáis seo.

Chun cosc na coireachta a dhéanamh ar bhealach éifeachtach tá gá le tuiscint ar an gcaoi a dtagann ciontóirí agus a n-íospartaigh le chéile in áiteanna agus machnamh ar conas is féidir na heilimintí seo a rialú go héifeachtach. Díreoidh scrúdú ar ghnéithe Thriantán Anailíse na bhFadhbanna i gcomhthéacs faidhbe ar leith an bealach chun réiteach ar choireacht a chosc. Beidh tionchar ag athrú ar ghné amháin den triantán fiú ar chosc agus laghdú coireachta.

Díríonn an Garda Síochána ar an ngné sin den triantán ar féidir linn mar eagraíocht agus lenár bpríomhpháirtithe leasmhara an tionchar is mó a imirt uirthi.

## PRIONSABAIL UM CHOSC AR CHOIREACHT

Oibríonn go leor teicnící um chosc ar choireacht trína dhéanamh níos deacra coireanna a dhéanamh. Más deacair í coir a dhéanamh, is lú an seans go dtarlóidh sé. Úsáideann an Garda Síochána prionsabail bhunaithe mar threoir chun coireacht a chosc. Is iad seo:

### CRUACHAN NA SPRICE

Is éard atá i gceist leis seo spriocanna a dhéanamh níos frithsheasmhaí ó ionsaí nó níos deacra chun iad a bhaint nó a mhilleadh.

### BAINT NA SPRICE

Is éard atá i gceist leis seo ná daoine nó maoin leochaileacha a bhaint go buan nó go sealadach.

### AG BAINT NA MODHANNA UM CHOIR A DHÉANAMH

Is éard atá i gceist leis seo ná dea-chleachtais tí a chur chun cinn chun a chinntiú nach bhfágtar ábhar ina luí timpeall a bhféadfaidh an coirpeach teacht air atá inúsáidte i gcoir.

### AN CÚITEAMH A LAGHDÚ

Ciallaíonn sé seo bealach a úsáid chun luach an chaillteanais a laghdú má dhéantar coir.

### RIALÚ AR ROCHTAIN

Áirítear leis seo srian a chur ar rochtain ar fhoirgnimh láithreáin nó ar chodanna de láithreáin nó d'fhoirgnimh. D'fhéadfadh sé seo a bheith i bhfeidhm, mar shampla, ar bhloc árasáin, cóiríocht mac léinn nó teach iláitíochta (m.sh. seomraí suí is leapa) chomh maith le maoin tráchtála.

### INFHEICTHEACHT/FAIREACHAS

Ciallaíonn sé seo a chinntiú go bhféadfaí ciontóirí a fheiceáil má dhéanann siad coir.

### DEARADH TIMPEALLACHTA

Is éard atá i gceist leis seo athruithe a dhéanamh ar thimpeallacht foirgnimh, láithreáin, eastáit nó baile, chun deiseanna coireachta a laghdú. Breithnítear deiseanna le haghaidh coireachta a dhearadh go luath sa phróiseas pleanála ach baineann sé le timpeallachtaí atá ann cheana.

### SOCRÚ RIALACH

Áirítear leis seo reachtaíocht, fodhlíthe agus cóid iompair a thabhairt isteach, ina leagtar amach cad is iompar inghlactha ann.

### AN SEANS GO nGABHFAR IAD A MHÉADÚ

Tagraíonn sé seo d'aon rud a chuireann moill ar chiontóirí nó a mhéadaíonn an baol go ngabhfar iad.

### CIONTÓIRÍ A CHUR DÁ mBUILLE

Is éard atá i gceist leis seo ciontóirí agus ciontóirí ionchasacha a atreorú ó choir a dhéanamh agus oibriú le gníomhaireachtaí eile chun tionchar a chur ar chaighdeáin, smaointeoireacht agus dearcaí.

## PÓILÍNEACHT DÍRITHE AR FHADHB

Go minic, nuair a thugtar aghaidh ar fhadhbanna coireachta pobalbhunaithe is léir go mbíonn níos mó ná réiteach gasta ag teastáil ó shaincheisteanna den sórt sin. D'fhonn réiteach fadtéarmach éifeachtach a bhunú ar choireacht, úsáidtear teicnící mar phóilíneacht atá dírithe ar fhadhbanna. Trí theicnící póilíneachta atá dírithe ar fhadhbanna a úsáid, is féidir le pobail, páirtithe leasmhara agus an Garda Síochána acmhainní a chur le chéile chun an choireacht a laghdú nó a dhíchur go héifeachtach. Ní hé an Garda Síochána amháin atá freagrach as coireacht a chosc. Is féidir leis na páirtithe leasmhara go léir, lena n-áirítear pobail áitiúla, gnóthaí agus grúpaí deonacha, cur le réiteach fadhbanna coireachta i bpobail.

Tá sé tábhachtach fadhbanna áitiúla coireachta a réiteach, mura dtabharfar aird orthu, déanfaidh na saincheisteanna damáiste do chomhtháthú pobail, rud a bheidh cúis le heagla, le hamhras agus d'fhéadfadh leibhéil choiriúlachta méadaithe a bheith mar thoradh orthu. Modh réiteach fadhbanna a úsáidtear go coitianta is ea an tsamhail SARA (Scanadh, Anailís, Freagra agus Measúnú). Tá na gnéithe seo a leanas sa tsamhail SARA:



## CULTÚR UM CHOSC AR CHOIREACHT

Príomhfheidhm de chuid an Gharda Síochána is ea coireacht a chosc. Le comhlíonadh phrionsabail an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine (ECHR), na naoi gcaighdeán agus tiomantas eiticiúil atá leagtha amach inár gCód Eitice agus ár misean daoine a choinneáil slán, treoraítear an cultúr um chosc ar choireacht laistigh den Gharda Síochána.

Leanann an Garda Síochána ag feabhsú agus ag forbairt cultúir eagraíochtúil um chosc na coireachta trí na hacmhainní atá ar fáil a úsáid, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais an phobail a ndéanaimid freastal air, agus ar an gcaoi sin ár dtiomantas i leith daoine a choinneáil slán a chomhlíonadh.

Leanaimid orainn ag forbairt ár gcórais agus ár struchtúr chun leas a bhaint as ár n-eolas eagraíochtúil ollmhór ar chosc na coireachta agus é a roinnt lenár bpobail, leis na híospartaigh agus leis na daoine is leochailí sa tsochaí.




## FREAGRACHT D'ÍOSPARTAIGH AGUS DO PHOBAIL

Ní mór dúinn a bheith freagrúil do riachtanais íospartach, do phobail áitiúla agus do nádúr forásach na coireachta. Geallann an Garda Síochána acmhainní a úsáid, lena n-áirítear Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht, Oifigigh Rannáin um Chosc ar Choireacht agus Foirne Póilíneachta Pobail, chun comhairle um chosc ar choireacht a scaipeadh go héifeachtach ar íospartaigh agus ar phobail. Cuideoidh feachtais agus oibríochtaí um chosc ar choireacht faoi threoir faisnéise linn a bheith freagrúil do threochtaí coireachta atá ag teacht chun cinn agus ár n-acmhainní a dhíriú ar phobail a dteastaíonn ár seirbhísí uathu, go háirithe iad siúd is leochailí.

Le feachtais um chosc na coireachta, tugtar deiseanna don Gharda Síochána rannpháirtíocht, comhpháirtíocht agus réiteach fadhbanna, atá tábhachtach chun caidrimh le pobail a chothú. Mar thoradh ar fheachtais um chosc na coireachta laghdaítear an choireacht agus tugann siad suaimhneas do dhaoine leochaileacha sa tsochaí, agus ag an am céanna ár bpobail a iompú in áiteanna níos sábháilte le maireachtáil iontu. Is éard a bheidh i gceist le feachtais ná obair chomhpháirtíochta lenár bpríomhpháirtithe leasmhara agus úsáid na meán náisiúnta, áitiúil agus sóisialta chun comhairle agus feasacht ar chosc na coireachta a chur chun cinn.

Le Cláir um Chosc ar Choireacht Pobail, lena n-áirítear Foláireamh Pobail, Foláireamh Téacs agus Faire Comharsanachta, beidh daoine aonair agus pobail níos feasaí faoina dtimpeallacht, agus is dóichí go dtuairisceoidh siad coir agus iompar amhrasach. Táimid tiomanta dá chinntiú go mbraitheann daoine scothaosta sa tsochaí slán, sábháilte. Oibreoimid leo, lena bpobail agus le heagraíochtaí ionadaíocha, chun comhairle shaincheaptha ar chosc na coireachta a sholáthar agus chun Straitéis do Dhaoine Scothaosta a fhorbairt.

Cuirfidh cláir spriocdhírithe, lena n-áirítear Clár Scoile an Gharda Síochána agus Faire Campais, comhairle sábháilteachta ar fáil agus cuirfidh siad oideachas ar leanaí agus ar dhaoine fásta óga faoi chosc na coireachta.

Déanfar ardáin mheán sóisialta an Gharda Síochána agus suíomh gréasáin an Gharda Síochána a nuashonrú go rialta chun faisnéis cothrom le dáta maidir le coireacht a sholáthar bunaithe ar threochtaí coireachta.

## BAINISTIÚ CIONTÓIRÍ

Ceann de phríomhfheidhmeanna an Gharda Síochána is ea coireacht a bhrath agus a imscrúdú. Oibreoidh an Garda Síochána le comhpháirtithe agus le gníomhaireachtaí speisialaithe chun daoine a atreorú ó choir a dhéanamh agus díreoidh sé ar ár ngníomhaíocht chun cosc a chur orthu siúd a rinne cion ó athchiontú. Leanann Clár Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána ag atreorú daoine óga ó chionta breise a dhéanamh. Táimid tiomanta ár gcuid a imirt ag gach leibhéal chun oibriú le comhpháirtithe chun an 'Plean Gníomhaíochta do Chomhbhainistiú Ciontóirí' a sheachadadh.






## SUÍOMHANNA COIREACHTA

Gineann líon réasúnta beag suíomhanna líon díréireach glaonna ar sheirbhís. Trí acmhainní a dhíriú ar na suíomhanna seo, tá an cumas ann coireacht a laghdú go suntasach. Trí phóilíneacht agus anailís eolas-bhunaithe, díreoidh an Garda Síochána acmhainní sna suíomhanna seo. Ag obair i gcomhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara, déanfaidh Oifigigh um Chosc ar Choireacht innealtóireacht ar réitigh a úsáideann Cosc ar Choireacht trí Dhearadh Comhshaoil (CPTED) agus póilíneacht atá dírithe ar fhadhbanna. Leanfar ag úsáid Cláir um Chosc ar Choireacht Pobail, ar nós Faire Comharsanachta agus Foláireamh Pobail, chun rannpháirtíocht an phobail i gcur chun cinn dea-chleachtas coiscthe coireachta a chinntiú. Soláthróidh Garda Síochána rialachas agus maoirseacht chuí i ndáil le freagrachtaí dlíthiúla Choimisinéir an Ghardа Síochána i leith CCTV.

Is cleachtas seanbhunaithe é Póilíneacht Phobail ar fud na tíre. Le Múnla Oibriúcháin an Gharda Síochána póilíneachta, cinnteofaí Ceannfort Rannpháirtíochta Pobail i ngach Rannán. Tacóidh Oifigigh Rannáin um Chosc na Coireachta go háitiúil le cur chuige réiteach fadhbanna ar fud na heagraíochta i leith riachtanais an phobail



# STRUCHTÚIR MAIDIR LE COSC AR CHOIREACHT

## AONAD NÁISIÚNTA UM CHOSC AR CHOIREACHT AN GHARDA SÍOCHÁNA

Tá Aonad Náisiúnta um Chosc ar Choireacht an Gharda Síochána freagrach as a bheith i gceannas ar sheachadadh na Straitéise um Chosc agus Laghdú Coireachta. Forbraíonn an t-aonad cleachtais um chosc agus laghdú coireachta don Gharda Síochána, le fócas ar na cuspóirí straitéiseacha seo:

- Straitéis náisiúnta um chosc ar choireacht a fhorbairt don Gharda Síochána atá sofhreagrach do chineálacha coireachta a athrú agus a chomhlíonann misean an AGS "daoine a choinneáil slán".
- Seachadadh oibríochtúil na straitéise a stiúradh.
- Oibriú le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta agus leis an bpobal chun coireacht a chosc agus dochar a laghdú.
- A chinntiú go dtacaítear, go gcuirtear oiliúint ar Oifigigh um Chosc ar Choireacht agus go bhfuil an trealamh riachtanach acu chun a róil a dhéanamh.
- Dea-chleachtas a roinnt ar fud na nOifigeach Rannáin um Chosc ar Choireacht.
- Na deiseanna a uasmhéadú chun an teicneolaíocht atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn a úsáid chun an choireacht a chosc.
- Bunachar láidir fianaise a fháil de "cad a oibríonn" maidir le gníomhaíochtaí coiscthe agus treochtaí coireachta.
- Oibriú le comhpháirtithe go seachtrach agus go hábhartha Biúrónna go hinmheánach chun straitéisí cumarsáide a fhorbairt a chuirfidh bonn eolais faoi spriocghrúpaí.
- Rialachas agus maoirseacht chuí a sholáthar maidir le freagrachtaí dlíthiúla Choimisinéir an Gharda Síochána i leith CCTV.
- Cur le muinín a chothú sa Gharda Síochána.•Suirbhéanna slándála a dhéanamh ar áitribh ardriosca.
- Comhairle ábhartha um chosc ar choireacht a sholáthar chun bonneagair ar scála mór agus forbairtí tithíochta a phleanáil agus a fhorbairt, ag cur prionsabal um Chosc ar Choireacht trí Dhearadh Comhshaoil (CPTED) chun cinn.
- Anailís a dhéanamh ar threochtaí coireachta, feachtais um chosc ar choireacht a thionscnamh agus litríocht um chosc na coireachta a fhorbairt.

## OIFIGIGH RANNÁIN UM CHOSC AR CHOIREACHT

Is acmhainn rannáin iad Oifigigh Rannáin um Chosc ar Choireacht. Déanfaidh siad tionscnaimh náisiúnta um chosc ar choireacht a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm, agus oibreoidh siad go háitiúil freisin le comhghleacaithe inmheánacha agus le páirtithe seachtracha, chun an choireacht a laghdú agus comhairle agus saineolas a sholáthar maidir le coireacht a chosc agus sábháilteacht an phobail, a bhaineann leis na treochtaí ina gceantar féin.

## ÁR gCUSPÓIRÍ

Tá an straitéis seo, a bhainisteofar thar thréimhse ama trí bliana 2021-2024, bunaithe ar ghealltanais do chúig phríomhchuspóir. Beidh na tiomantais seo mar bhunús dár bplean gníomhaíochta, rud a chinnteoidh go mbeidh an Garda Síochána gafa go forghníomhach le coireacht a chosc, agus ar an gcaoi sin ár bpobail a dhéanamh níos sábháilte.

### Comhpháirtíochtaí

**Oibreoimid chun an choireacht agus eagla coireachta a laghdú , i gcomhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, lena n-áirítear an earnáil tráchtála, pobail agus gníomhaireachtaí reachtúla.**

### Feasacht & Comhshaoil

**Cuirfimid comhairle agus treoirlínte éifeachtacha ar chosc na coireachta ar fáil trí na bealaí cumarsáide is iomchuí, chun feasacht a fheabhsú agus oideachas a chur ar phobail agus ar an earnáil tráchtála i bprionsabail um chosc na coireachta, agus tacaíocht a sholáthar d'íospartaigh choireachta.**

### Pobail a Chosaint

**Cuirfimid dearbhú agus tacaíocht ar fáil dár bpobail trí chosc comhsheasmhach, iompar coiriúil a bhrath agus a ionchúiseamh. Oibreoimid lenár bpobail chun daoine a choinneáil slán trí scéimeanna comhoibritheacha agus rannpháirtíocht ghníomhach.**

### Seirbhís Chomhsheasmhach & Ghairmiúil um Chosc ar Choireacht

**Déanfaimid oiliúint, tabharfaimid acmhainní agus uasoiliúint ar ár bpearsanra chun ligean dóibh seirbhísí coiscthe coireachta a sholáthar laistigh de Rannáin. Comhordóidh Aonad Náisiúnta um Chosc ar Choireacht an Gharda Síochána cur chuige comhsheasmhach ar fud na tíre maidir le comhairle um chosc ar choireacht agus treoir a sholáthar.**

### Athbhreithniú & Meastóireacht

**Déanfaimid meastóireacht agus athbhreithniú ar chur chun feidhme na Straitéise um Chosc agus Laghdú na Coireachta.**

# PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA



## CUSPÓIR STRAITÉISEACH 1- COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ

### COMHTHÉACS

Oibriú chun an choireacht agus eagla na coireachta a laghdú, i gcomhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, lena n-áirítear an earnáil tráchtála, pobail agus gníomhaireachtaí reachtúla.

### PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

| Uimh. | Sprioc | Gníomhartha | Freagracht | Tréimhse |
|---|---|---|---|---|
| 1.1 | Leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara seachtracha chun eolas ar chosc na coireachta a roinnt chomh maith le treochtaí chun an choireacht a laghdú agus a chosc. | Fóram Straitéiseach um Gadaíocht Mhiondíola le leanúint. | Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht | Dhá uair sa bhliain |
| | | Fóram Náisiúnta um Gadaíocht Mhiotail le leanúint. | Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht | Dhá uair sa bhliain |
| | | Ionadaíocht chomhsheasmhach ag an bhFóram Náisiúnta um Shábháilteacht Tuaithe. | Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht | Ráithiúil |
| | | Dul i dteagmháil le príomhpháirtithe leasmhara agus fóraim rannpháirtíochta a fhorbairt de réir mar is gá. | Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht | Leanúnach |
| 1.2 | Tacú le hobair údarás áitiúil agus eagraíochtaí bainteacha. | Comhairle um Chosc ar Choireacht trí Dhearadh Comhshaoil (CPTED) a sholáthar d'údaráis áitiúla agus do ghníomhaireachtaí eile. | Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht | Leanúnach |
| 1.3 | Rannpháirtíocht ábhartha a bhaineann leis an gcreat reachtach chun tacú le coireacht a chosc. | Dul i dteagmháil leis an Roinn Dlí agus Cirt, Dlíthiúil Garda agus páirtithe leasmhara ábhartha eile chun forbairt na reachtaíochta agus na rialachán riachtanach a chur chun cinn chun tacú le tionscnaimh um chosc na coireachta. | Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht | Leanúnach |
| 1.4 | Tacú le hoibriú Comhchoistí Póilíneachta, Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí, fóraim áitiúla agus comhpháirtíochtaí sábháilteachta pobail de réir mar a thugtar isteach iad. | Rannpháirtíocht leanúnach chun comhairle chaighdeánaithe ar choireacht a sholáthar le cur chuige caighdeánaithe ar bhonn náisiúnta. | Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht<br><br>Oifigigh Rannáin | Leanúnach |
| | | Athbhreithniú a dhéanamh ar ról na feidhme JPC laistigh d'Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht. | Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht | R4 2021 |
| 1.5 | Prionsabail um chosc ar choireacht a neadú i bpleanáil d'imeachtaí. | Rannpháirtíocht le pleanálaithe imeachta maidir le coireacht a chosc. | Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht<br><br>Oifigigh Rannáin | R4 2021 |
| 1.6 | Athbhreithniú agus nuashonrú ar Bheartas Aláraim an Gharda Síochána. | Athbhreithniú a dhéanamh ar Bheartas Aláraim reatha na heagraíochta. | Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht | R3 2021 |

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH 2 - FEASACHT A CHRUTHÚ AGUS CUMARSÁID

### COMHTHÉACS

Comhairle agus treoirlínte éifeachtacha um chosc ar choireacht a sholáthar trí na bealaí cumarsáide is iomchuí, feasacht a fheabhsú agus pobail agus an earnáil tráchtála a oideachas faoi phrionsabail chosc na coireachta, agus tacaíocht a sholáthar d'íospartaigh na coireachta.

### PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

| Uimh. | Sprioc | Gníomhartha | Freagracht | Tréimhse |
|---|---|---|---|---|
| 2.1 | Athbhreithniú a dhéanamh ar threochtaí reatha coireachta chun feachtais feasachta iomchuí ar chosc na coireachta a fhorbairt agus a chur chun cinn. | Laethanta for-rochtana a óstáil agus a éascú, ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta, chun comhairle um chosc ar choireacht a sholáthar do phobail. | Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht<br><br>Oifig Chorparáideach an Gharda Síochána um Chumarsáid | Leanúnach |
| | | Feachtais feasachta téamaí ar leith a phleanáil d'amanna áirithe den bhliain nó d'imeachtaí. | Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht<br><br>Oifig Chorparáideach an Gharda Síochána um Chumarsáid | Leanúnach |
| | | Rannpháirtíocht um chosc na coireachta a eagrú ag imeachtaí náisiúnta. | Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht<br><br>Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Póilíneacht Phobail<br><br>Oifig Chorparáideach an Gharda Síochána um Chumarsáid | Leanúnach |
| | | Tacú le straitéisí inmheánacha an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm. | Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht | Leanúnach |
| | | An úsáid is mó a bhaint as uirlisí meán sóisialta chun lucht féachana níos leithne sa phobal a bhaint amach. | Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht<br><br>Oifig Chorparáideach an Gharda Síochána um Chumarsáid | Leanúnach |
| | | Rannpháirtíocht leanúnach leis an gclár um Glao Coireachta. | Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht<br><br>Oifig Chorparáideach an Gharda Síochána um Chumarsáid | Leanúnach |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 2.2 | Rannpháirtíocht le pobail leochaileacha a bhfuil sé deacair teacht orthu. | Tacú le Straitéis Éagsúlachta agus Comhtháthaithe an Gharda Síochána 2019-2021 trí chomhairle chuí ar chosc na coireachta a sholáthar do dhaoine ó chúlraí éagsúla, do ghrúpaí mionlaigh agus d'íospartaigh de choireanna fuatha. | Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht<br><br>Oifigigh Rannáin um Chosc ar Choireacht<br><br>Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Éagsúlacht agus Ionchuimsiú<br><br>Oifig Chorparáideach an Gharda Síochána um Chumarsáid | Leanúnach |
| 2.3 | A chinntiú go gcuirtear comhairle sábháilteachta ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga trí Chlár Scoileanna an Gharda Síochána. | Tacú le forbairt leanúnach comhairle agus feasachta sábháilteachta oiriúnacha, go háirithe ar líne, le cur san áireamh i gClár Scoileanna na nGardaí. | Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht Phobail | Leanúnach |
| 2.4 | Dul chun cinn sa teicneolaíocht a úsáid chun cabhrú le coireacht a chosc. | A chinntiú go ndéantar réitigh nua-aimseartha um chosc ar choireacht agus dul chun cinn teicneolaíochta a ionchorprú i gcomhairle um chosc na coireachta. | Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht | Leanúnach |
| | | An chuid airíonna den Aip um Thuairisciú Coireachta a athbhreithniú, a thástáil agus a phíolótú, a forbraíodh i i gcomhar le Garda TFC. | Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht<br><br>TFC an Gharda Síochána | R3 2021 |
| 2.5 | Rannpháirtíocht leanúnach le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun comhairle um chosc ar choireacht a chur chun cinn. | Dul i dteagmháil le Líonra um Chosc ar Choireacht an AE agus páirt a ghlacadh i laethanta fócais an AE chun coireacht a chosc. | Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht | Leanúnach |

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH 3 - POBAIL A CHOSAINT

### COMHTHÉACS

Dearbhú agus tacaíocht a sholáthar dár bpobail trí iompar coiriúil a chosc, a bhrath agus a ionchúiseamh ar bhonn comhsheasmhach. Oibriú lenár bpobail chun daoine a choinneáil slán trí scéimeanna comhoibritheacha agus trí rannpháirtíocht ghníomhach.

### PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

| Uimh. | Sprioc | Gníomhartha | Freagracht | Tréimhse |
|---|---|---|---|---|
| 3.1 | Sábháilteacht ár bpobail a chinntiú trí Scéimeanna foirmiúla um Chosc ar Choireacht agus Rannpháirtíocht. | Athbhreithniú a dhéanamh ar oibríocht, tacaíocht, tuairisciú agus rialachas na Scéimeanna Faire Comharsanachta, Foláireamh Pobail agus Foláireamh Téacs. | Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht | R4 2021 |
| | | Rannpháirtíocht le grúpa geallsealbhóirí náisiúnta um Fhaire Phobail. | | Ráithiúil |
| | | Feabhas a chur ar úsáid an Chláir Faire Campais. | | R1 2022 |
| | | Seimineár Faire Campais a reáchtáil do phearsanra ar bhonn náisiúnta. | | Faoi dhó sa bhliain |
| | | Athbhreithniú a dhéanamh ar gach Clár Faire um Chosc ar Choireacht. | | R3 2022 |
| 3.2 | Rialachas Náisiúnta do Scéimeanna Teilifíse Ciorcaid Iata Poiblí (CCTV) a chinntiú. | Beartas agus nósanna imeachta a athbhreithniú agus a nuashonrú maidir le gach scéim CCTV atá údaraithe ag an nGarda Síochána. | Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht<br><br>Oifigeach Cosanta Sonraí an Gharda Síochána<br><br>TFC an Gharda Síochána<br><br>An Roinn Dlí agus Cirt | R3 2021 |
| 3.3 | Ag baint úsáide as teicnící réiteach fadhbanna chun cabhrú le coireacht a laghdú. | Tacú le húsáid mhúnla SARA de réiteach fadhbanna ar fud na heagraíochta. | Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht | Leanúnach |
| 3.4 | Tacú leis an gcur chuige náisiúnta i leith bainistiú ciontóirí. | A chinntiú go ndéantar ionadaíocht don Gharda Síochána ar gach leibhéal maidir le rialachas agus seachadadh oibríochtúil straitéisí bainistíochta ciontóirí aosaigh agus óige. | Coimisinéir Cúnta, Póilíneacht Bhóithre agus Rannpháirtíocht Phobail<br><br>Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht Phobail<br><br>Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána. | R2 2022 |

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH 4 - SEIRBHÍS GHAIRMIÚIL & CHOMHSHEASMHACH UM CHOSC AR CHOIREACHT

### COMHTHÉACS

Chun oiliúint agus uasoiliúint a chur orthu agus chun acmhainní thabhairt dóibh chun ligean dóibh seirbhísí coiscthe coireachta a sholáthar laistigh de Rannáin. Comhordóidh Aonad Náisiúnta um Chosc ar Choireacht an Gharda Síochána cur chuige comhsheasmhach ar fud na tíre maidir le comhairle agus treoir um chosc ar choireacht a sholáthar.

### PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

| Uimh. | Sprioc | Gníomhartha | Freagracht | Tréimhse |
|---|---|---|---|---|
| 4.1 | Ról an Oifigigh um Chosc ar Choireacht sa choir a chur chun cinnsa réimse feidhme laistigh de gach Rannán. | Rachfar i gcomhairle le hOifigigh um Chosc ar Choireacht maidir le Pleananna Póilíneachta Rannáin a fhorbairt. | Oifigigh Rannáin<br><br>Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht | Leanúnach |
| 4.2 | A chinntiú go ndéantar leibhéal saineolais i measc na nOifigeach um Chosc ar Choireacht a chothabháil agus a fhorbairt. | A chinntiú go bhfuil gach Oifigeach um Chosc ar Choireacht oilte agus creidiúnaithe go cuí i ngach gné is gá chun feidhmiú ina ról. | Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht<br><br>Stiúrthóir Oiliúna | Leanúnach |
| | | A chinntiú go líontar folúntais d'Oifigigh um Chosc ar Choireacht i Rannáin ar fud na tíre de réir mar a thagann siad chun cinn. | Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht<br><br>Oifigigh Rannáin<br><br>Forbairt Acmhainní Daonna agus Daoine | Leanúnach |
| | | Feasacht ar ról an Oifigigh um Chosc ar Choireacht a chur chun cinn. | Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht<br><br>Stiúrthóir Oiliúna | R1 2022 |
| | | Comhdháil náisiúnta bhliantúil a óstáil d'Oifigigh um Chosc ar Choireacht chun go bhféadfar feidhm agus comhroinnt an Oifigigh um Chosc ar Choireacht maidir le "cad a oibríonn' a fhorbairt. | Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht | Bliantúil |
| 4.3 | Anailís a dhéanamh ar threochtaí coireachta chun cuir chuige agus tionscnaimh spriocdhírithe coireachta a chosc. | Anailís a dhéanamh ar shonraí ar threochtaí coireachta chun patrúin a thuiscint agus freagra póilíneachta coisctheach bunaithe ar fhaisnéis a sholáthar. | Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht<br><br>Seirbhís Anailíse an Gharda Síochána | Leanúnach |

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH 5 - ATHBHREITHNIÚ & MEASTÓIREACHT

### COMHTHÉACS

Measúnú agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise um Chosc agus Laghdú Coireachta.

### PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

| Uimh. | Sprioc | Gníomhartha | Freagracht | Tréimhse |
|---|---|---|---|---|
| 5.1 | Measúnú a dhéanamh ar sheachadadh na Straitéise um Chosc agus Laghdú Coireachta. | Tuarascáil ar sheachadadh chuspóirí straitéiseacha na Straitéise um Chosc agus Laghdú Coireachta.<br>Athbhreithniú a dhéanamh ar rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara. | Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht<br><br>Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht Phobail | R1 2023 |
| 5.2 | Measúnú a dhéanamh ar oibriú na seirbhíse coiscthe coireachta a sholáthraíonn an eagraíocht. | Athbhreithniú neamhspleách le déanamh ar an tseirbhís um chosc ar choireacht a sholáthraíonn an Garda Síochána. | Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht Phobail<br><br>An Oifig um Chlaochlú Straitéiseach | R3 2023 |
| 5.3 | Éifeachtacht feachtais faisnéise um chosc ar choireacht a thomhas. | A chinntiú go dtacaíonn próisis tuairiscithe oiriúnacha le feachtais faisnéise chun gur féidir a n-éifeachtacht a thomhasagus a athbhreithniú. | Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht | Leanúnach |
| 5.4 | Measúnú a dhéanamh ar thuiscint an phobail ar thionscnaimh um chosc na coireachta agus ar ról na nOifigeach um Chosc ar Choireacht. | Iarracht a dhéanamh ceisteanna ábhartha a áireamh sa Suirbhé Náisiúnta ar Dhearcadh an Phobail. | Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht<br><br>Aonad Taighde an Gharda Síochána | R1 2022 |

# STRAITÉIS AN GHARDA SÍOCHÁNA UM CHOSC AR CHOIREACHT 2021 -2024

## Comhpháirtíochtaí

- Creat reachtaíochta láidir a mholadh.
- Comhpháirtíochtaí láidre le páirtithe leasmhara seachtracha.
- Dul i dteagmháil le Comhchoistí Póilíneachta agus le fóraim áitiúla.
- Tacú le hobair na n-údarás áitiúil.
- Oibrigh le Fóram Sábháilteachta Tuaithe Náisiúnta.

## Feasacht & Cumarsáid

- A chinntiú go gcuirtear comhairle agus eolas maidir le coireacht a chur in iúl ag gach mórimeacht.
- Feachtais um chosc ar choireacht a chur chun cinn agus a sheachadadh.
- Tacaíocht a thabhairt do Chlár Scoile an Gharda Síochána.
- Tacaíocht a thabhairt do straitéisí inmheánacha an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm.

## Pobail a Chosaint

- Tacaíocht a thabhairt d Scéimeanna CCTV poiblí.
- Tacaíocht a thabhairt d bhainistiú athchiontóirí.
- Faire Comharsanachta
- Foláireamh Pobail
- Foláireamh Téacs
- Faire Campais
- Faire Gnó.

## Seirbhís Chomhsheasmhach & Ghairmiúil um Chosc arChoireacht

- Tacú le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach CPOnna.
- Dea-chleachtas & modhanna a roinnt le CPOnna Náisiúnta.
- Tacú le tionscnaimh phóilíneachta oibriúcháin.
- An feidhm CPO a leabú isteach i ngach Rannán.
- An tseirbhís um chosc ar choireacht a fheabhsú agus a aithint.

## Athbhreithniú & Meastóireacht

- Éifeachtacht na Straitéise um Chosc agus Laghdú na Coireachta.
- Meastóireacht neamhspleách.
- Dearcadh an phobail a mheas maidir le tionscnaimh um chosc ar choireacht

## PÁIRTITHELEASMHARA

**An Garda Síochána**

- An tAonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht
- Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch
- Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Chibear-Choireacht

**Oifigigh um Chosc ar Choireacht (CPOnna)**

**Comhlachtaí Dlíthiúla agus Reachtúla**

**Comhpháirtithe Pobail**

# TEAGMHÁLACHA

## AONAD NÁISIÚNTA UM CHOSC AR CHOIREACHT AN GHARDA SÍOCHÁNA

Tá Aonad Náisiúnta um Chosc ar Choireacht an Gharda Síochána laistigh de Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht sa Phobal freagrach do Choimisinéir Cúnta as cleachtais um chosc agus laghdú coireachta a fhorbairt don Gharda Síochána. Le haghaidh tuilleadh faisnéise féach ar www.garda.ie.

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Aonad Náisiúnta um Chosc ar Choireacht ar: -

An tAonad Náisiúnta um Chosc ar Choireacht

Biúró an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht sa Phobal

Ceanncheathrú an Gharda Síochána

Cearnóg Fhearchair,

Baile Átha Cliath 2

D02 DH42

Teileafón: +353 1 666 3669

## OIFIGIGH RANNÁIN UM CHOSC AR CHOIREACHT

I ngach Rannán an Gharda Síochána, tá sainoifigigh um Chosc ar Choireacht (CPOnna). Is féidir liosta de na hOifigigh um Chosc ar Choireacht a fháil anseo:

www.garda.ie/en/crime-prevention/who-is-my-local-crime-prevention-officer-/


victim
survey
armed
violence
safety
corruption
extortion
investment
crime pre
surveillance
statistic
crime prevention
police